# Níos éasca táille coláiste a íoċ ⁊ a bailiú

## Scéim an aiseaċ i bḟeiḋm ag Coláiste Cróna

**Méadú fá ċeaṫair i ceiṫre bliana agus ní raiḃ áit folaṁ**

**Tá scéim nua speisiúil ar fad i bḟeiḋm i mbliana ag ceann de na coláistí Gaeilge insan Ġaeltaċt.**

"Bíonn smaoineaṁ úr nua ag Coláiste Cróna aċan ḃliain," adúirt fear mór le rá sa Ġaeilge, anuraiḋ. Agus is fíor an méid sin i mbliana arís.

**Tá a ṡlioċt ar Ċoláiste Cróna. Mar cé gur méadaíoḋ na h-áiteaċa fé ceaṫair, ó bunaíoḋ an Coláiste i 1961 ní raiḃ ariaṁ oiread agus áit aṁáin folaṁ sa Ċoláiste go fóill. Agus le ḋá bliain anuas, b'éigin roinnt maiṫ scoláirí do ċasaḋ ar ṡiúl ar an ábar naċ raiḃ slí go leor fána gcoinne.**

**Sé an scéim nua ná stampaí speisialta Cróna, ar £1 an ceann, ar féidir a ġreamú ar ċúl an ċárta iarratais, le íocaíoċt a ḋéanaṁ i dtráṫ coda de réir mar ḟoireann don dalta.**

**Is féidir na stampaí seo a ċeannaċ insan scoil, nó ó Rúnaí Ċoiste na bPáistí insan ċeantar, agus cuireann dálta suas iad de réir mar a sábáileann sé nó mar a ġeibeann sé an t-airgead le haġaiḋ táille na Coláiste. Coṁ lua agus a bíonn trí stampaí nó níos mó ar an ċárta aige, is féidir leis an cárta do ċur ċuig Rúnaí na Coláiste, le h-áit a ċur in áiriṫe dó. Cuirfear an cárta arais ċuige, agus is féidir leis a beiṫ ag cur suas na stampaí go dtí go mbíonn an táille ar fad íocṫa.**

**Taréis an earlais a beiṫ íocṫa, agus áit in áiriṫe a ċuirfear an béaltrial ar na daltaí i mbliana.**

Tá spás do 16 stampaí ar ċúl an ċárta. aċ níl an táille iomlán, ag áireaṁ costas taistil fillte ó Ḃaile Áṫa Cliaṫ aċ £15-10-0, agus má bíonn 16 stampaí ṫuas ag scoláire, roiṁ tús an ċúrsa, ġeoċaiḋ sé na leabair agus cóipleabair ⁊ na turasanna. saor in aisce ar an 10s. breise.

I gcás daltaí atá ag dul fé scéim Ċoiste na bPáistí. ní gá na cúig stampaí deireannaċ do ċur suas, aċ síníonn Rúnaí an Ċoiste a ainm insan spás sin.

### Níos éascaí

Déanfaiḋ an scéim nua é i bḟad níos fusa do scoltaċa ⁊ Coistí na bPáistí sciar na ndaltaí a bailiú agus beiḋ sé níos áisiúla do na daltaí agus do na tuismiṫeoirí coṁ maiṫ, nuair is féidir leo an táille a íoc ina tráṫ coda. Ní beiḋ trioblóid ar biṫ le adṁála nó nótaí nó cuntaisí de ċineál ar biṫ. Nuair a íocann dalta £1 ġeiḃ sé stampa, agus tá gaċ rud socair. Ní bíonn le déanaṁ ag scoltaċa agus Coistí na bPáistí aċ airgead ós coṁair an méid stampaí a ḋíol siad a ċur ċuig an Ċoláiste. Agus sábáileann na daltaí féin costas Ordú Airgid. seiceanna agus eile. Tá ana ḟáilte ag na scoltaċa roiṁ an scéim seo, agus fágann sé obair réitiú na scoláirí do ċúrsaí samraiḋ i bḟad níos éasca, ar luċt na scoltaċa agus ar na daoine atá ag glacaḋ an trioblóid mór orṫa féin, Coistí na bPáistí a reaċtáil.

### Airiṫint trom

Ċeana féin, tá an áiriṫint trom go maiṫ do Ċoláiste Cróna —go h-áiṫrid don ċéad ċúrsa i mí Iúil.

Tá rabaḋ ó'n Ċoláiste gur dóiċe na cúrsaí ar fad a beiṫ lán go luaṫ i mbliana toisc naċ mbeiḋ méadú ar uiṁir na n-áiteaċa i mbliana. Is aṁlaiḋ go mbeiḋ scéim uisce poiblí i bḟeiḋm roiṁ 1966 agus tá luċt na dtiṫe ag fanaċt leis an scéim sin roiṁ tuilleaḋ seomra í a ṫógáil.

---

# Scilleaḋ Eolas Rúnda

## Tuarastal múinteoirí; socrú don béaltrial

**Is cosúil gur ċuir páipéar bán an Rialtais fán Ġaeilge tús le nós nua i ngnóiṫí den tsórt seo, sé sin nós ar an teolas a scilleaḋ roiṁré.**

**An rud a ba deireannaí a sileaḋ ná an teolas fán ardú páiġe atá tugṫa do na múinteoirí, idir meán ṁúinteoirí. gairm ṁúinteoirí, agus múinteoirí náisiúnta.**

**Ba eol go raḃ an t-ardú seo a' ṫeaċt le tamall ó ṫug An Doċtúir Ó hIrġile, Aire Oideaċais, ionadaiṫe-ne dtí aicme isteaċ ċuige féin agus labair sé leofa ag innse daofa go raiḃ £m. aige le roinnt ṫart agus gur ṁaiṫ leis ṫeaċt ar aontaċt faoi.**

Ċuir sé a ċuid moltaí féin ós a gcoṁair agus plé na trí h-aicmí fe leiṫ iad. Ḃiṫeas mí-ṡásta go leor leofa aċ taréis roinnt plé agus an dáta tosnuiṫe a ċur siar ó'n ċéad lá de Eanair go dtí an ċéad lá de mí na Samna, ġlac na meán ṁúinteoirí leis. Ḃí na múinteoirí náisiúnta le h-é a plé ar an 20ú Feaḃra agus bí sé le plé ag na gairm ṁúinteoirí coṁ maiṫ. Ní raḃ aon ḟógrú le déanaṁ faoi go dtí go mbeaḋ na trí aicmí tar éis breiṫ a ṫabairt faoi. Aċ ansin maidin Dia Saṫarn, an 20ú lá ṫáinig an "Times" amaċ le h-iomlán eolais faoi an scéim agus go raḃ ardú tugṫa do na meán ṁúinteoirí ó £1,485 go dtí £1,600 ag bárr an scála agus ardú níos lú síos fríd an scála. Ḃí scéala ann fosta fan ardú a bí ag teaċt ag na múinteoirí náisiúnta, an ceann a bí le plé ag Ard Ċoiste Ċumann na Múinteoirí an lá sin, sé sin ardú ó £1,345 go dtí £1,450 agus ardú ar an breis do Céim Onóraċ Ollscoile ó £65 go £110. Ní raiḃ focal aṁáin faoi ins an "Press" nó ins an "Independent" aċ ansin caṫ amaċ as an ṁála ar aon ċuma ṫug an "Evening Press" ceann litreaċa ḋá orlaċ ar aoirde do. Nuair naċ raiḃ sé acu ar tús níor ḃac an "Independent" leis ċor ar biṫ. Ní raḃ tráċt ar biṫ acu air ins an "Herald" antráṫnóna sin nó ins an "Sunday Independent" lá ṫar na ṁáraċ.

De ḃarr an tsoṫraiṫe seo beiḋ na múinteoirí meán oideaċais anois ag feiṫmeoireaċt na scrúdaiṫe teistiméireaċta ⁊ ag marcáil na bpáipéar an bliain seo ċugainn. Is maiṫ an rud é seo.

Tá an ceist fá'n béaltriall socraiṫe coṁ maiṫ de réir mar molaḋ sa ṗáipéar seo ċeana.

---

### Bearna

...Ag an Ċúirt Dúiċe i nGaillim cáineaḋ Uinsionn Ó Doċartaiġ. Baile Áṫa Cliaṫ agus Gaillim, Siúinéir. 21 bliana d'aois, £15 as gur ġoid sé caḋnraḋ as cárr le Maeḋḃ Bean Ṁic Riocard. Ruisín. Bearna, ar an 1ú Eanair seo caite D'inis an Garda Ó Doiḃlinn don Ġiúistís gur tugaḋ an caḋnraḋ arais do

---

## Comórtaisí

Aistí na seaċtaine seo:

**Sinsir:**
Ruairí Mac Easmain— Taca na Gaeilge.

**Sóisir:**
Soċraid Ṁic Easmain.

**Bunscola:**
Ruairí Mac Easmain.

Aistí le ċur sa post roiṁ Aoine, 19-3-65.

---

**Aistí na seaċtaine seo ċugainn:**
**Sinsir:** Tíngrá.
**Sóisir:** Lá Ḟéile Pádraig.
**Scoltaċa Náisiúnta:** Naoṁ Pádraig.

---

**Duaiseoirí**

**Stampa £1 Coláiste Cróna:**
**Máire Ní Ḃraonáin,** Cloċar Mairisteaċ, Tobar a' Ċoire.
2. Caitlín Ní Raifterí. Coláiste Muire, Baile Ṁóta.
3, Máire Ní Ḋódaiġ. Cloċar na Trócaire, Béal Áṫa na Muice.

**Ard-ṁolaḋ**
Máire Rita Ní Fionáin, Eiblín Ní Ḃraonáin, Máire Ní Ċnáṁaiġ, Séamas Ó hUiginn.

---

### Oibriṫe boṫar Ṁuiġeo

Ag cruinniú Coṁairle Co. Ṁuiġeo, cuireaḋ siar go fóill, molaḋ a rinne Seosaṁ Ó Lionacáin. T.D., go n-íocfaí oibriṫe bóṫar gaċ seaċtain in ionad gaċ coicís mar a níṫear san am i láṫair.

---

**Cupón amáraċ**

12-3-1965

---

### Má's olc maol is measa mullaċ

"A freastálaí," arsan fear na ṡuí ag feiṫeaṁ le na ḋinnéir, "tá d'ordóg anuas agat ar an iasc sin."

"Ó, tá fios agam sin," arsa an gasúir, "níorḃ maiṫ liom go dtitfeaḋ sé ar an urlár arís!"

**Eagarṫóir:** Ar scríoḃ tú na scéalṫaí grinn seo uilig tú féin?
**Scríoḃnóir:** Ċuile ċeann aca.
**Eagarṫóir:** Caiṫfiḋ sé go bḟuil tú i bḟad níos sine na aṁarcann tú!

---

### An bíobla tré na ċéile

**Máistir** — Anois a ṗáistí, an bḟuil cuiṁne ag duine ar biṫ agaiḃ ar an ċeaċt ḋeirneaċ a ḃí againn? Ḃíomar ag cur síos ar ṡéanaḋ Naoiṁ Ṗeadair. Ċuir buaċaill beag aṁáin suas a láṁ go tobann agus an dá ṡúil ag preabaḋ amaċ ó na ċeann:

"Má's sé do ṫoil é, a Ṁáistir. Tá cuiṁne agam-sa air, ṫárla sé uilig díreaċ sul ar scairt an ċearc!"

— — — — —

Ṡiúil fear suas go dtí'n cailín san leabarlann agus ċeistiġ an cailín. "An bḟuil an leabar úd agaiḃ sa leabarlann seo— "Fear Máistir na mBan?" "Is ea," arsa sise go gonta gasta. "Tá rannóg na bḟinn-scéalṫaí ar do láiṁ ċlé a ḋuine!"

— — — — —

### Leiṫscéal cinnte!

**Iomċúiseoir:** Anois inis don Ċúirt cé'n fáṫ ar ṫóg tú leat an gluaisteán.

**Cosantóir:** Seo mar bí. Nuair a ṫáinig mé ḟáid leis an roiliġ, ċonaic mé an gluaisteán na ṡuí ansin, taoḃ amuiġ den roiliġ. Agus ar ndóiġe. ṡíl mé cinnte go raiḃ an té gur leis é, marḃ!"

---

### Tiṫe i nGaillim

Ó 1951 ṫug Coṁairle Co. na Gaillime beagnaċ £2m. ar iasaċt do ḋaoine atá ag tógáil. nó ag deisiú a gcuid tiṫe. Agus ar an ċruinniú deireannaċ den Ċoṁairle, ḃótáil siad £200,000 breise fá ċoinne deontaisí forlíonta tiṫe.

### Gaeilgeoir cliúiteaċ

Coṁġáirdeas le C. I. Ó Floinn, Bainisteoir Co. na Gaillime atá le h-éirí as oifig i mí Ṁeiṫeaṁ seo ċugainn, agus atá ceapaiṫe anois mar Stiúrṫóir ar Ḃord na Móna. Is Gaeilgeoir dílis an tUasal Ó Floinn.

### Gairmscoil an Ċorráin

Sa Dáil, ag freagairt ceiste ó Felim Mac Giolla Laoire, T.D., dúirt Caṫal Ó hEoċaiḋ ar son an Aire Oideaċais gur tugaḋ údarás i bprionsabail, fá ċoinne gairmscoil nua ar an Ċorráin, ar an 15-7-64. Go dtaḃarfaí údarás don suíoṁ nuair a beaḋ an margaḋ de ṫairbe an praġas réiṫiṫe, agus go dtaḃarfaí údarás fá ċoinne ullmú dréaċt - ṗleanann nuair a beaḋ an suíoṁ ceadaiṫe.

### Áilt an Ċorráin

**Tá mí-ṡásaṁ ag méadú fá** rial na n-eangaċ do na' brádan i mbliana agus táṫar uiliġ ag cur ceist aċán áit, cad ċuige naċ dtig linne an ceart céanna a ḟáil agus atá le fáil acu taoḃ ṫeas den tír, ceann's go bḟuil fear acu le labairt ar a son. Agus táṫar a' rá nár ċuir Aire Rialtas fiacail ann go bḟuarṫas loigse sa taoḃ ṫeas agus go raiḃ fear maiṫ acu le labairt ar a son.

**Tá na bealtaí seo ins na Rosa** curṫa isteaċ ar plean na gcúig-mblian, agus beifear ḋá gcóiriú gan moill. Mín Doire Eoin suas go Sliaḃ Anagaire; Gleann na hAilt go hAnagoire; ó Scoil Náisiúnta Ḃéal na Cruite go dtí an Sliaḃ; ó Ḃéal na Cruite go Mullaċ Dearg; ó Mullaċ Duḃ go Baile Ṁánais; ó Ṁullaċ Duḃ go Rann Uí Ṫuaṫail; ó Oileán Carraig Finne; ó Anagoire go Cúl an Ċnoic. Cuid de Loċ na nDeorán agus Rann na Feirste

### Rialaċa Corgais Raṫ Ḃoṫ

Seo iad rialaċa an Ċargais i nDeoise Raṫ Ḃoṫ:—

Tosaíonn troscaḋ agus tréanas ar Ċéadaoine an Luaiṫe ⁊ críoċnaíonn sé ag meán - oíċe Saṫairn Cásca. Níl troscaḋ ná tréanas ar Doṁantaí ná Lá Ḟéil' Pádraig. Laeṫa troscaiḋ isea gaċ lá eile sa Ċargas agus níl cead aċ do béile iomlán aṁáin. Tá tréanas ar gaċ Aoine sa Ċargas ar Céadaoine an Luaiṫe, Céadaoine An Ḃraiṫ. Níl cead aċ béile iomlán aṁáin ar laeṫa troscaḋ, aċ tig ḋá tráṫ beaga a ġlacaḋ agus gan aċ 12 unsa ag an dá ċeann. Más gá é fá ċoinne duine a ċuid oibre a ḋéanaṁ, tig seo a ṁéadú go dtí 18 unsaí. Níl cosc ar bia ar biṫ ag na béilí beaga seo aċ feoil agus bia feola. Ṫig uḃ aṁáin a glacaḋ ag na béile beaga seo, coṁ maiṫ le im, cáis bainne, iasc, torṫaí. Tá tréanas ar páistí ar biṫ a bḟuil an seaċtú bliain críoċnaiṫe acu. Agus troscaḋ ar na daoine a bḟuil an 21ú bliain críoċnaiṫe acu agus naċ bḟuil istiġ san seascadú bliain. Tá diosmasaid ag na daoine a bḟuil obair ċrua orṫa agusar ḋaoine tinne. Ṫig leis na daoine naċ bḟuil fiaċaḋ troscaḋ orṫa rud ar biṫ a glacaḋ atá ceadaiṫe do daoine fá rial troscaiḋ ag an príoṁ béile. Ṫig le Sagart Paráiste diosmasaid a ṫabairt i gcás réasúnta, agus ṫig le riaraṫóirí nó sagart óga i mbun séipéil fé leiṫ, nó Aṫair Faoisdine insan ḃosca a ṫabairt fosta. Beiḋ turas na Croise in aċan Séipéal go poiblí ċoṁ fada agus is féidir ar feaḋ an Ċargais. Tá fiaċaḋ ar na fíréin uiliġ na Sacraimintí. Comaoineaċ agus na Faoisdíne a ġlacad idir Céadaoine an Luaiṫe agus Doṁnaċ na Trionóide, an 13ú lá de Ṁeiṫeaṁ.

---

### Crosaire an Ṁáma

**Cáineaḋ Séamas A. Seoiġe,** na Grigín. Mám, £66 aċ h-íslíoḋ é go £4, as úsáid a ḃaint as cárr gan ċáin. ag Scríb ar an 30ú lá do Ṁeán Fóṁair seo caiṫe. Cuireaḋ siar cúis fán cárr a úsáid gan araċas. Ḃí sé ag díol an cárr le H. Dressel. as Baile Áṫa Cliaṫ, agus ċuaiġ siad ar run trialaċ, nuair a